Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2021
(OR. en)

14490/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0335 (NLE)**

MAMA 191
MED 75
AGRI 594
PECHE 460
PA 6
WTO 276

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear le Pointe A de Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás Palaistíneach um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear le Pointe A de Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás Palaistíneach um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás Palaistíneach an Bhruaigh Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile ('an Comhaontú Eatramhach Comhlachais'), a thabhairt i gcrích le Cinneadh 97/430/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1997.

(2) Le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais bunaíodh Comhchoiste um thrádáil agus comhar idir an tAontas Eorpach agus an tÚdarás Palaistíneach ('an Comhchoiste') a bhfuil sé de chumhacht aige cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú Eatramhach Comhlachais.

---

[1] Cinneadh 97/430/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 1997 maidir le tabhairt i gcrích an Comhaontaithe Comhlachais Eatramhaigh Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás Palaistíneach an Bhruaigh Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (IO L 187, 16.7.1997, lch. 1).

(3) An Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás Palaistíneach an Bhruaigh Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile ('an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha'), thug an tAontas an Comhaontú sin i gcrích le Cinneadh 2011/824/AE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012. Scoirfidh na leasuithe sealadacha ar an gComhaontú Eatramhach Comhlachais dá bhforáiltear leis an gChomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ('na leasuithe sealadacha') d'fheidhm a bheith acu an 31 Nollaig 2021.

(4) De bhun Phointe C, mír 1(a) den Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha.

---

1 Cinneadh 2011/824/AE ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza,, den pháirt eile lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear an Comhaontú Comhlachais maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (IO L 328, 10.12. 2011, lch. 2).

(5) Is gá forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn fós sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza. Is amhlaidh atá an cás go háirithe i ndiaidh an fhoréigin a tharla le déanaí in Gaza agus ina thimpeall. Trí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza, d'fhéadfaí cuidiú le feabhas a chur ar an gcobhsaíocht pholaitiúil sa réigiún. Tugadh an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i gcrích ar feadh tréimhse 10 mbliana i dtosach. I bhfianaise an chruatain eacnamaíoch atá fós ann sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza agus chun cobhsaíocht agus iontaofacht pleanála a uasmhéadú, ba é ab éifeachtaí síneadh 10 mbliana eile a chur leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha go ceann tréimhse bhreise 10 mbliana.

(6) Tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh 10 mbliana a chur leis na leasuithe sealadacha ar an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh cinneadh an Chomhchoiste maidir le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha ina cheangal ar an Aontas.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear le Pointe A den Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás Palaistíneach an Bhruaigh Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 14502/21 ag http://register.consilium.europa.eu.